# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2024 a Cheiliúradh sa Pharóiste

Déanfar Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2024 a cheiliúradh ón **Domhnach, 21 Eanáir, go Satharn, 27 Eanáir.** Is é an téama i mbliana ná Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse. Spreagann luachanna an tsoiscéil obair na scoileanna Caitliceacha. Baineann ministreacht ghníomhach leo atá bunaithe ar meas a bheith ann don uile dhuine againn, don uile náisiúnach, don uile shórt éagsúlachta. Bíonn na baill éagsúla de phobal na scoile ag freastal ar a chéile trí na buanna ar leith atá acu a chur ar fáil do chách. Baineann luach leis an fhreastal a dhéanann gach aon bhall, is cuma cén aois nó cén ról atá acu, agus is ar an fhreastal sin a bhunaítear éiteas agus spiorad uathúil na scoileanna atá sa pharóiste.

Is codanna bunúsacha de phobal an pharóiste iad na scoileanna Caitliceacha, oibríonn siad as lámha a chéile. Tá sé tábhachtach i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha go n-aithneofaí an nasc beo a cheanglaíonn an scoil agus an paróiste lena chéile, agus an nasc sin a cheiliúradh. Tugann Seachtain na Scoileanna Caitliceacha deis don dá phobal guí ar son a chéile, agus lena chéile. Luaitear moltaí chuige sin anseo thíos.

## Ceiliúradh na hEocairiste ar an Domhnach 21 Eanáir – An Tríú Domhnach Saor

Is féidir le grúpa liotúirgeach an pharóiste, nó ionadaí ainmnithe ón bparóiste dul i gcomhairle leis na scoileanna maidir leis na bealaí ina bhféadfaí páirt a ghlacadh i gceiliúradh na hEocairiste ar an Domhnach. Seans go bhféadfaí ceol agus amhránaíocht a chur ar fáil, nó gradaim Eoin Pól II a bhronnadh a d'aithneodh an freastal a rinneadh ar an bpobal, nó paidreacha ó ghuí an phobail a léamh.

### Fáiltiú

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2024 ná Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse. Is áiteanna iad na scoileanna Caitliceacha seo againne ina gcuirimid an creideamh i bhfeidhm tríd an bhfreastal a chur ar fáil dá chéile ar bhealach cuimsitheach, dóchasach, toisc go gcreidimid gur tíolacadh ó Dhia gach aon duine againn. Cuirimid fáilte anseo roimh an uile dhuine agaibh atá bainteach le scoileanna an pharóiste, agus gabhaimid buíochas le Dia as an ngrásta a thagann ó na scoileanna sin a bheith sa pharóiste againn.



### Mórshiúl tosaigh

Cuir áit ar fáil ina gcuirfear fáilte roimh na siombailí a iomprófar sa mhórshiúl. Bíodh scaraoid ghlas ann a chuirfidh an Tráth Saor i gcuimhne dúinn, agus an fás a thagann ar an scolaíocht sa pharóiste. Is féidir siombailí mar seo a úsáid leis an bhfreastal atá á gceiliúradh i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2024 a chur in iúl:

- Suaitheantas na scoile
- Teastas do ghradam Eoin Pól II
- Grianghraf a léiríonn slua cairde lena chéile
- Téacs an oideachais reiligiúnaigh mar léiriú ar luachanna an tsoiscéil agus an fhreastail a fhoghlaim
- An Brat Glas nó planda mar léiriú ar aire a thabhairt don timpeallacht
- Colláis a léiríonn obair na sagart agus obair na n-ord rialta

### Ceol agus amhránaíocht

D'fhéadfadh grúpa daltaí nó duine aonair iomann a chanadh ag tús an tsearmanais, nó nuair a chuirtear na bronntanais i láthair.

### Liotúirge an Bhriathair

Tá na léachtaí, guí an phobail agus an uile don Tríú Domhnach Saor ar fáil as Gaeilge in eagrán Nollaig/Eanáir de Intercom.

Toisc gur ceiliúradh Aifreann an Domhnaigh sa pharóiste atá anseo, ba cheart go ndéanfadh pé Ministir an Bhriathair a ainmníodh don Domhnach seo, an léitheoireacht. Tugann a leithéid le fios dúinn go gcothaítear cách trí Eocairist an Domhnaigh le gur féidir linn dul ar ais abhaile agus ar scoil agus leanúint le luachanna an tsoiscéil a chraobhscaoileadh. Ba cheart go luafaí na scoileanna Caitliceacha agus a gcuid oibre i nGuí an Phobail. D'fhéadfaí ceist a chur ar an aos óg na paidreacha a chumadh agus a léamh.

### An altóir a ullmhú agus ofráil na mbronntanas

D'fhéadfadh ionadaithe an phobail ón scoil, ó bhaile agus ón bparóiste an altóir a ullmhú agus an fíon is an t-arán a thabhairt mar ofráil. Comhartha aitheanta a bheadh ann gur gá go mbeadh na trí ghrúpaí ag comhoibriú go dlúth lena chéile le bheith mar fhinnéithe ar luachanna an tsoiscéil, a spreagann mar bhaill na hEaglaise muid.

### Fáilteachas

D'fheilfeadh sé go mbeadh cupán tae ar fáil i ndiaidh an Aifrinn. D'fhéadfadh cumann na dtuismitheoirí agus grúpaí áitiúla comhoibriú lena chéile chuige sin.



## Nuachtlitir an Pharóiste

Bí cinnte faoi Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a phoibliú i measc an phobail leathain trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste. Luaigh na himeachtaí sainiúla a bheadh beartaithe don pharóiste. Is féidir téacs mar seo a úsáid:

> Ar an Domhnach, 21 Eanáir, cuirfear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2024. Déanfar ceiliúradh i rith na seachtaine seo ar an ionchur uathúil a dhéanann na scoileanna Caitliceacha i measc an phobail. Is é téama na bliana seo ná Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse. Beidh an paróiste seo againne ag glacadh páirte trí...

D'fhéadfadh na daltaí ó scoileanna an pharóiste an nuachtlitir a scaipeadh ag an Aifreann.

## Ionad Fógraíochta

Téigh i gcomhar leis na scoileanna le clár fógraíochta a chruthú a thabharfaidh léargas ar obair uathúil agus ar shainiúlacht na scoileanna éagsúla sa pharóiste.

## An Chomhairle Thréadach

Abair Seachtain na Scoileanna Caitliceacha leis an gcomhairle thréadach agus iarr orthu an bealach is fearr ina bhféadfaí í a cheiliúradh sa pharóiste a rá. Tá alt faoi conas mar is féidir leis na scoileanna cabhrú le tógáil an phobail le sonrú i Share the Good News: National Directory for Catechesis. D'fhéadfadh a leithéid tús a chur le díospóireacht faoi ról na scoileanna Caitliceacha agus faoi conas mar a d'fhéadfadh an pobal creidimh, tacú leo ar bhealach feabhsaithe. Téadh an séiplíneach ar cuairt chuig an méid seomraí ranga agus is féidir i rith na seachtaine. Cabhróidh na hacmhainní a gcuirtear ar fáil do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha le fócas a dhéanamh ar théamaí na laethanta éagsúla nuair a bhíonn na cuairteanna idir lámha agaibh.

